Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 3 Iúil 2026**
**(OR. en)**

**10858/26**
**ADD 1**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2026/0171(NLE)**

**ECOFIN 858**
**UEM 286**
**FIN 925**
***EIB***
***ECB***

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINN a ghabhann leis an gCINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme an 13 Iúil 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta Lucsamburg |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, an iarscríbhinn thuasluaite a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme leasaitheach ón gComhairle.

**IARSCRÍBHINN**

**ROINN 1: Athchóirithe agus Infheistíochtaí faoin bPlean Téarnaimh agus Athléimneachta**

**Tuairisc ar Athchóirithe agus Infheistíochtaí**

**A. Comhpháirt 1A: Scileanna, Uas-sciliú agus Athsciliú**

Is freagairt í an chomhpháirt 'Scileáil, Athsciliú agus Uas-sciliú' de phlean téarnaimh agus athléimneachta Lucsamburg ag an am céanna ar an méadú ar leibhéal na dífhostaíochta de dheasca géarchéime, ar dhúshlán seanbhunaithe na nganntanas scileanna sa mhargadh saothair, agus ar dhul i muinín na teilea-oibre ar bhonn níos forleithne, lena mbaineann athruithe eagraíochtúla agus éileamh níos láidre ar scileanna digiteacha den chuid is mó. Cuireann clár oiliúna, an clár FutureSkills, scileanna ar fáil do chuardaitheoirí poist, agus sprioc thiomnaithe ann do chuardaitheoirí poist atá 45 bliana d'aois nó níos sine. Le hathchóiriú comhlántach, soláthrófar plean gníomhaíochta oiliúna lena leagfar síos conairí le haghaidh gairmoiliúna ('Droichid Scileanna') a cheapfar chun na scileanna a shainaithnítear mar na scileanna is mó a bhfuil gá leo amach anseo a sholáthar.

Rannchuidíonn an chomhpháirt le haghaidh a thabhairt ar Mholadh Tírshonrach 1 ó 2019 chun infhostaitheacht oibrithe scothaosta a fheabhsú, ar Mholadh Tírshonrach 3 ó 2019 chun forbairt scileanna a spreagadh, agus ar Mholadh Tírshonrach 2 ó 2020 chun tionchar fostaíochta na géarchéime a mhaolú, agus aird ar leith á tabhairt ar dhaoine atá i staid dheacair sa mhargadh saothair.

Táthar ag súil nach ndéanfaidh aon bheart sa chomhpháirt seo dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852, agus an tuairisc ar na bearta agus na céimeanna maolaitheacha a leagtar amach sa phlean téarnaimh agus athléimneachta i gcomhréir le Treoir Theicniúil DNSH (2021/C58/01) á gcur san áireamh.

**A.1. Tuairisc ar na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí le haghaidh tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha**

Athchóiriú: Skillsdësch

Faoi thionscnamh níos leithne arb é is aidhm dó straitéis scileanna a fhorbairt, agus gairmoiliúint leanúnach a chur chun cinn, rinneadh nós imeachta comhoibríoch ina raibh díospóireachtaí comhchéime maidir le scileanna faoi stiúir na bpáirtithe leasmhara uile ('Skillsdësch') chun anailís a dhéanamh ar an éileamh ar scileanna, agus chun na próifílí poist is mó a bhfuil gealladh fúthu a shainaithint. Saineofar sa phlean gníomhaíochta a thiocfaidh as sin conairí oiliúna tiomnaithe ar a dtugtar 'droichid scileanna' a chuideoidh le hoibrithe agus le cuardaitheoirí poist a n-infhostaitheacht a fheabhsú le linn an aistrithe ghlais agus an aistrithe dhigitigh. Seolfar an ghairmoiliúint a ceapadh ar an gcaoi sin sa dara ráithe de 2022.

Infheistíocht 1: Scileanna sa Todhchaí

Sa chomhthéacs céanna, soláthraíonn an clár FutureSkills scileanna boga, digiteacha agus bainistíochta a bhfuil tóir orthu do chuardaitheoirí poist roghnaithe agus spreagtha chun a n-athimeascadh gearrthéarmach sa mhargadh saothair agus sa tsoghluaisteacht a éascú. Leagtar síos sa chlár sprioc thiomnaithe do chuardaitheoirí poist atá 45 bliana d'aois nó níos sine chun cabhrú leis an luathscor forleathan a laghdú agus chun scileanna a fheabhsú. Cuirfear an t-inneachar arna ghiniúint ag an gclár ar fáil do líon níos mó cuardaitheoirí poist thar thréimhse níos faide.

## A.2. Garspriocanna, spriocanna, táscairí agus amchlár le haghaidh faireachán agus cur chun feidhme maidir le tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

| Uimhir sheicheamhach | Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht) | Cloch Mhíle /Sprioc | Ainm | Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna) | Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna) | | | Amlíne tháscach le cur i gcrích | | Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | Aonad tomhais | Bonnlíne | Sprioc | Ráithe | Bliain | |
| 1A-1 | Athchóiriú 1 - Skillsdësch | Garsprioc | Seoladh 'Skillsdësch' | Seoladh oifigiúil phróiseas 'Skillsdësch' le linn chruinniú an Choiste Comhordúcháin Thríthaobhaigh | | | | C3 | 2020 | Sheol an Coiste Comhordúcháin Trípháirteach an próiseas comhchéime comhoibríoch ('Skillsdësch') chun anailís a dhéanamh ar an éileamh ar scileanna, agus chun na próifílí poist is mó a bhfuil gealladh fúthu a shainaithint |
| 1A-2 | Athchóiriú 1 - Skillsdësch | Garsprioc | Seoladh na gairmoiliúna ('droichid scileanna') | Seoladh oifigiúil na hoiliúna trí chlárúcháin a oscailt do rannpháirtithe leasmhara | | | | C2 | 2022 | Seoltar gairmoiliúint atá deartha faoi phróiseas Skillsdësch go hoifigiúil trína n-oscailt le haghaidh clárúcháin ag rannpháirtithe leasmhara |
| 1A-3 | Infheistíocht 1 - Scileanna sa Todhchaí | Garsprioc | Comhaontú ó chomhpháirtithe maidir leis an 'gcéim oibríochtúil' | Síniú an chomhaontaithe | | | | C1 | 2021 | Síniú ag comhpháirtithe an chláir (an Aireacht Saothair, Fostaíochta, agus Geilleagair Shóisialta agus Sholadaigh, Comhlachas Tráchtála, Teach Oiliúna, agus Comhlachas Fostaithe) ar an gcomhaontú maidir le 'céim oibríochtúil' an chláir 'Scileanna don Todhchaí' |
| 1A-4 | Infheistíocht 1- Scileanna sa Todhchaí | Sprioc | Rannpháirtithe FutureSkills atá níos sine ná 45 bliain d'aois | | Líon na ndaoine | 0 | 150 | C4 | 2021 | Ghlac 150 cuardaitheoir poist atá níos sine ná 45 bliana d'aois (30 % den 500 rannpháirtí san iomlán) páirt san oiliúint 'Scileanna don Todhchaí' |
| 1A-5 | Infheistíocht 1 - Scileanna sa Todhchaí | Sprioc | Rannpháirtithe Scileanna sa Todhchaí | | Líon na ndaoine | 150 | 440 | C4 | 2021 | Ghlac 440 cuardaitheoir poist san iomlán páirt san oiliúint 'FutureSkills' |

**B. Comhpháirt 1B: Athléimneacht an chórais sláinte a threisiú**

Áirítear sa chomhpháirt sin de phlean téarnaimh agus athléimneachta Lucsamburg dhá athchóiriú agus dhá infheistíocht atá dírithe ar aghaidh a thabhairt ar chuid d'fhadhbanna struchtúracha na hearnála sláinte i Lucsamburg: an easpa gairmithe sláinte agus an gá atá le héifeachtúlacht an chórais sláinte a mhéadú, go háirithe trína dhigitiú. Tugtar aghaidh sa chéad athchóiriú ar rialachas an chórais sláinte agus leagtar amach ann an próiseas comhairliúcháin le páirtithe leasmhara agus modh an chláir oibre chun aghaidh a thabhairt ar roinnt dúshlán réamh-shainaitheanta. Is é is cuspóir don dara hathchóiriú inniúlachtaí na ngairmithe éagsúla a athshainiú agus a leathnú. Rannchuideoidh na hinfheistíochtaí leis an digitiú in earnáil na sláinte le (i) clár digiteach de ghairmithe sláinte a chur chun feidhme chun bainistiú agus réamhaíocht níos fearr a dhéanamh ar an gcumhdach cúraim sláinte, agus ar na gairmithe cúraim sláinte is gá, agus (ii) réitigh a fhorbairt don teilileigheas.

Is freagairt í an chomhpháirt sin ar Mholadh Tírshonrach 2020 chun athléimneacht an chórais sláinte a fheabhsú, arb é atá ann slógadh iomchuí na n-oibrithe sláinte atá ar fáil a áirithiú, trí rialachas an chórais a fheabhsú, agus r-Shláinte.

Táthar ag súil nach ndéanfaidh aon bheart sa chomhpháirt seo dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852, agus an tuairisc ar na bearta agus na céimeanna maolaitheacha a leagtar amach sa phlean téarnaimh agus athléimneachta i gcomhréir le Treoir Theicniúil DNSH (2021/C58/01) á gcur san áireamh.

**B.1. Tuairisc ar na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí le haghaidh tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha**

Athchóiriú 1: Gesondheetsdësch

Sheol Lucsamburg próiseas comhairliúcháin ('Gesondheetsdësch') i measc na n-aireachtaí, na mbainisteoirí árachais sláinte, na ndochtúirí agus na n-ionadaithe gairmithe sláinte chun rialachas na hearnála sláinte a nuachóiriú agus chun freagairt do roinnt dúshlán réamh-shainaitheanta i sé réimse oibre théamacha. Na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí a chuirtear i láthair i bplean téarnaimh agus athléimneachta Lucsamburg – inniúlachtaí gairmithe sláinte a athchóiriú, clár digiteach de ghairmithe sláinte a chruthú agus réitigh theilileighis a fhorbairt, tá siad bunaithe ar thorthaí an chomhairliúcháin seo. Cumhdaítear leis na sruthanna oibre eile den phróiseas sin freisin réimsí an-tábhachtach a bhaineann le hathléimneacht an chórais sláinte (go háirithe feabhas a chur ar chúram príomhúil, cúram comhtháite, cur chun cinn na sláinte, maoiniú inbhuanaithe cúraim sláinte), ach ní hionann iad agus gealltanais sa phlean, seachas clár oibre a fhoilsiú chun torthaí phróiseas Gesondheetsdësch a chur chun feidhme.

Athchóiriú 2: Athchóiriú ar rialáil inniúlachtaí gairmithe cúraim sláinte

Is é is cuspóir don athchóiriú seo freagairt do na dúshláin a bhaineann le ganntanas lucht saothair cúraim sláinte. Is éard atá i gceist leis athbhreithniú a dhéanamh ar fhreagrachtaí na ngairmeacha cúraim sláinte agus bearta nua a thabhairt isteach laistigh de struchtúir ospidéil.

Infheistíocht 1: Clár digiteach aonair de ghairmithe cúraim sláinte

Is é is cuspóir don infheistíocht seo clár digiteach aonair a bhunú do ghairmeacha sláinte, lena mbaileofar sonraí riaracháin agus gairmiúla, chun sonraí maidir le gairmithe sláinte i Lucsamburg a bhainistiú (líon na ndochtúirí, a speisialtachtaí, a réimsí saineolais, a ndáileadh aoise, a ndáileadh críochach…), na gairmeacha agus na scileanna is gá a thuar (réamh-mheastacháin dhéimeagrafacha

ghearrthéarmacha go meántéarmacha de réir saincheantair agus limistéar geografach) agus foireann a shlógadh le linn géarchéimeanna.

Leis an uirlis sin, beifear in ann ceadúnais ghairmiúla a bhainistiú freisin agus freagróidh sí don oibleagáid dhlíthiúil sonraí gairmiúla a choinneáil cothrom le dáta. Beidh an tionscadal críochnaithe faoin 31 Márta 2023.

Infheistíocht 2: Réiteach teilileigheas le haghaidh cianobair leantach leighis ar othair

Tá an infheistíocht seo dírithe ar fhorbairt cianmhonatóireachta leighis (telemedicine). Is éard atá ann córas teileachomhairliúcháin chun cianfhaireachán a dhéanamh idir gairmithe leighis agus othair.

## B.2. Garspriocanna, spriocanna, táscairí agus amchlár le haghaidh faireachán agus cur chun feidhme maidir le tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

| Uimhir sheicheamhach | Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht) | Cloch Mhíle/Sprioc | Ainm | Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna) | Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna) | | | Amlíne tháscach le cur i gcrích | | Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | Aonad tomhais | Bonnlíne | Sprioc | Ráithe | Bliain | |
| 1B-1 | Athchóiriú 1 – Athléimneacht an chórais sláinte a neartú - Gesondheetsdësch | Garsprioc | Céim thosaigh agus ullmhúcháin phróiseas Gesondheetsdësch agus é mar aidhm aghaidh a thabhairt ar na sé thosaíocht théamacha. | Tús an phróisis comhairliúcháin | | | | C3 | 2020 | An chéad chruinniú tosaigh agus seoladh chéim ullmhúcháin phróiseas Gesondheetsdësch agus é mar aidhm aghaidh a thabhairt ar na sé thosaíocht théamacha (1. Comhlántacht níos fearr idir earnálacha na n-othar cónaitheach agus na n-othar seachtrach; 2. feabhas a chur ar an gcaidreamh idir othair agus soláthraithe cúraim; 3. Déimeagrafaíocht na foirne leighis agus altranais: luamháin chun ganntanas a chosc; 4. Cosc in earnáil na sláinte; 5. Úsáid teicneolaíochtaí nua i gcúram sláinte; 6. An córas sláinte a mhaoiniú: inbhuanaitheacht airgeadais an chórais. |
| 1B-2 | Athchóiriú 1 – Athléimneacht an chórais sláinte a neartú - Gesondheetsdësch | Garsprioc | Clár oibre | Foilsiú an chláir oibre | | | | C4 | 2021 | Foilsiú an chláir oibre chun cur chun feidhme chlár "Gesondheetsdësch" a threorú, agus é mar aidhm leis creat struchtúrach a bhunú chun freastal ar phlé beartais maidir leis an gcóras sláinte. Déanfaidh sé mheitheal Gesondheetsdësch an clár oibre sin a fhorbairt:<br><br>WG1: Comhlántacht níos fearr idir earnálacha na n-othar cónaitheach agus na n-othar seachtrach<br><br>WG2: Feabhas a chur ar an gcaidreamh idir othair agus soláthraithe cúraim<br><br>WG3: Déimeagrafaíocht na foirne leighis agus altranais: luamháin chun ganntanas a chosc |

| Uimhir sheicheamhach | Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht) | Cloch Mhíle/Sprioc | Ainm | Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna) | Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna) | | | Amlíne tháscach le cur i gcrích | | Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | Aonad tomhais | Bonnlíne | Sprioc | Ráithe | Bliain | |
| | | | | | | | | | | WG4: Cosc in earnáil na sláinte: i dtreo athrú paraidíme<br><br>WG5: Teicneolaíochtaí nua a úsáid i gcúram sláinte<br><br>WG6: An córas sláinte a mhaoiniú: inbhuanaitheacht airgeadais an chórais |
| 1B-4 | Athchóiriú 2 – Athléimneacht an Chórais Sláinte a Neartú - Sainchúraimí gairmithe sláinte a athchóiriú | Garsprioc | Gairmeacha cúraim sláinte a athbhreithniú agus bearta nua a thabhairt isteach laistigh de struchtúir ospidéil | Teacht i bhfeidhm gníomhartha dlí | | | | C3 | 2025 | Teacht i bhfeidhm gníomhartha dlí leasaitheacha maidir le 1) cleachtadh agus uasghrádú gairmeacha sláinte agus 2) maidir le hospidéil agus pleanáil ospidéil; maidir le gairm an dochtúra, an chleachtóra fiaclóireachta agus an tréidlia a chleachtadh; agus an Cód Slándála Sóisialta. |
| 1B-5 | Athchóiriú 2 – Athléimneacht an Chórais Sláinte a Neartú - Sainchúraimí gairmithe sláinte a athchóiriú | Garsprioc | Freagrachtaí altraí cúraim ghinearálta | Teacht i bhfeidhm an ghnímh dhlíthiúil | | | | C3 | 2026 | Teacht i bhfeidhm an ghnímh dhlíthiúil lena sainítear freagrachtaí altraí cúraim ghinearálta |
| 1B-6 | Infheistíocht 1- Athléimneacht an Chórais Sláinte a Neartú - Clár Aonair Digiteach na nGairmeacha Sláinte | Sprioc | An clár digiteach nua a chur ar fáil | | Líon na ndaoine | 0 | 5 000 | C4 | 2022 | Tá an clár aonair digiteach de ghairmeacha sláinte, lena mbailítear faisnéis ábhartha riaracháin agus ghairmiúil lenar féidir bainistíocht níos fearr a dhéanamh ar ghairmithe sláinte, oibríochtúil agus tá 5 000 gairmí cláraithe ann |

| Uimhir sheicheamhach | Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht) | Cloch Mhíle/Sprioc | Ainm | Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna) | Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna) | | | Amlíne tháscach le cur i gcrích | | Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | Aonad tomhais | Bonnlíne | Sprioc | Ráithe | Bliain | |
| 1B-7 | Infheistíocht 2- Athléimneacht an chórais sláinte a neartú – Réiteach teilileighis le haghaidh cianobair leantach leighis ar othair | Garsprioc | 'Maela' | Tá an réiteach cianfhaireacháin 'Maela' lena gceadaítear cianfhaireachán leighis idir gairmithe sláinte (lena n-áirítear dochtúirí agus altraí) agus othair ag feidhmiú | | | | C1 | 2021 | An réiteach cianfhaireacháin 'Maela' lena gceadaítear cianfhaireachán leighis idir gairmithe sláinte (lena n-áirítear dochtúirí agus altraí) agus othair, beidh sé oibríochtúil le 3 000 prótacal cianfhaireacháin a dhéanfar idir an 23/03/2020 agus an 07/02/2021. |
| 1B-8 | Infheistíocht 2 - Athléimneacht an chórais sláinte a neartú - Réiteach teilileighis le haghaidh cianobair leantach leighis ar othair | Garsprioc | Réiteach comhtháite | Tá an réiteach a forbraíodh go hinmheánach ar líne agus inrochtana | | | | C2 | 2023 | Tá an réiteach faireacháin nua a forbraíodh go hinmheánach lenar féidir comhaid leighis othar iarrthóirí tearmainn agus daoine atá faoi chosaint idirnáisiúnta a chruthú agus a bhainistiú ar líne agus inrochtana. |

**C. COMHPHÁIRT 1C – Soláthar tithíochta poiblí inacmhainne agus inbhuanaithe a mhéadú**

Is é is cuspóir don chomhpháirt sin de phlean téarnaimh agus athléimneachta Lucsamburg tithíocht a fhorbairt agus soláthar tithíochta inacmhainne agus inbhuanaithe i Lucsamburg a mhéadú.

Mar chuid den chomhpháirt sin, leis an athchóiriú ar 'Chomhshocrú Tithíochta 2.0' cuirtear creat tagartha nua i bhfeidhm le haghaidh tacaíocht rialtais do bhardais chun tionscadail tithíochta nua a chruthú, trí fhoirgnimh nua a thógáil nó tríd an stoc foirgneamh atá ann cheana a athchóiriú.

Trí bheart Chomhshocrú Tithíochta 2.0, rannchuidíonn an chomhpháirt sin le haghaidh a thabhairt ar an Moladh Tírshonrach atá dírithe ar Lucsamburg chun 'beartas eacnamaíoch a bhaineann le hinfheistíocht a chothú maidir leis an soláthar tithíochta a mhéadú (…), lena n-áirítear trí dhreasachtaí a mhéadú agus trí bhacainní ar thógáil a bhaint' (Moladh Tírshonrach 3 2019).

Táthar ag súil nach ndéanfaidh aon bheart sa chomhpháirt seo dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852, agus an tuairisc ar na bearta agus na céimeanna maolaitheacha a leagtar amach sa phlean téarnaimh agus athléimneachta i gcomhréir le Treoir Theicniúil DNSH (2021/C58/01) á gcur san áireamh.

**C.1. Tuairisc ar na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí le haghaidh tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha**

Athchóiriú: Comhshocrú Tithíochta 2.0

I Lucsamburg, cuireann leibhéal ard comhchruinnithe maoine príobháidí agus beagán dreasachtaí chun talamh a scaoileadh le haghaidh forbartha teorainn le cumas na n-údarás poiblí dul i ngleic le tearcsholáthar ainsealach tithíochta, rud atá fós ag ardú praghsanna i bhfianaise an fháis láidir daonra. Idir an dá linn, leanann féichiúnas teaghlaigh de bheith ag méadú agus is ionann é agus 170% de OIN in 2018 (ar fiachas morgáiste an chuid is mó de agus tá sé dáilte go míchothrom, rud a fhágann go bhfuil na teaghlaigh is boichte níos leochailí).

Sa chomhthéacs sin, cuirfear 'Comhshocrú Tithíochta 2.0' i bhfeidhm leis an athchóiriú sin, mar chreat tagartha chun bardais a spreagadh chun talamh a shlógadh le haghaidh tógála, agus teaghaisí le haghaidh athchóirithe, chun tithíocht shóisialta a mhéadú i bhfianaise na heaspa tithíochta inacmhainne, agus chun tógáil scoileanna agus naíolanna a spreagadh chun dul i ngleic leis an daonra atá ag dul i méid. Cuireann an scéim seo leis na ceachtanna a foghlaimíodh ó 'Chomhshocrú Tithíochta 1.0', atá i bhfeidhm ó 2008.

Faoi Chomhshocrú Tithíochta 2.0, féadfaidh gach bardas páirt a ghlacadh trí 'choinbhinsiún tosaigh' a shíniú leis an Stát, rud a chuirfidh ar chumas an bhardais cúnamh a fháil ó 'chomhairleoir tithíochta'. Má dhéanann sé amhlaidh, cuirfidh an bardas a straitéis bhardasach féin maidir le forbairt tithíochta ar bun agus glacfaidh sé léi ('Clár d'oibríocht logála áitiúil' nó PAL). Síneoidh bardais 'coinbhinsiún cur chun feidhme' ansin leis an Stát, lena ngabhann oibleagáid ar an mbardas na tionscadail forbartha a shonraítear in PAL a chur chun feidhme, le tacaíocht airgeadais ón Stát ar bhonn na n-aonad tithíochta inacmhainne a cuireadh ar an margadh cíosa an bhliain roimhe sin.

Cuirfear san áireamh i gComhshocrú Tithíochta 2.0 na tosaíochtaí forbartha a leagtar amach sna pleananna earnála agus sa Mháistirchlár náisiúnta nua um Pleanáil Spásúil (PDAT), agus a mhéid a cheadaítear le líon na mbardas sínithe, cuirfear le forbairt chomhleanúnach úsáide talún ar an leibhéal náisiúnta, d'fhonn an soláthar tithíochta a mhéadú go hinbhuanaithe. Is é is aidhm don athchóiriú 1 200 aonad tithíochta ar a laghad a chur ar an margadh faoi 2025.

Cé gur shínigh formhór na mbardas comhaontú faoi Chomhshocrú Tithíochta 1.0, níor tháinig méadú suntasach ar sholáthar tithíochta sóisialta mar thoradh air sin. I gcomparáid lena réamhtheachtaí, forálfar le Comhshocrú Tithíochta 2.0 go ndéanfar an t-imchlúdach airgeadais atá ar fáil le haghaidh aistrithe Stáit chuig bardais a ríomh ar bhonn líon na n-aonad tithíochta inacmhainne ina gcríoch a cuireadh ar an margadh cíosa le linn na bliana roimhe sin (trí thógáil nó trí éadáil agus athchóiriú), agus ní ar bhonn fás daonra a thuilleadh. Ina theannta sin, íocfar na ranníocaíochtaí airgeadais a dheonófar do bhardais ar bhonn chur chun feidhme na dtionscadal arna bhformheas faoi Chomhshocrú Tithíochta 2.0 agus arb é is aidhm dóibh a chuspóirí a bhaint amach. Tá comhar níos dlúithe idir an Stát agus bardais ar cheann de phríomhchuspóirí an athchóirithe, arb é is aidhm dó acmhainneacht na hearnála poiblí a neartú chun an stoc cónaithe poiblí a mhéadú go fóinteach agus cleachtas na tithíochta cíosa inacmhainne agus inbhuanaithe a uas-scálú. Sa chiall sin, foráiltear le dréacht-Chomhshocrú Tithíochta 2.0 go ndéanfar idir 10 % agus 30 % de gach tionscadal forbartha a thiomnú do thithíocht inacmhainne a chuirtear ar an margadh cíosa. Leis an athchóiriú, tugtar an deis aghaidh a thabhairt go fóinteach ar threocht an bhoilscithe praghsanna tithe, rud a mheastar a bheith ar cheann de na príomhbhacainní ar infheistíocht agus ar fhás freisin.

## C.2. Garspriocanna, spriocanna, táscairí agus amchlár le haghaidh faireachán agus cur chun feidhme maidir le tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

| Uimhir sheicheamhach | Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht) | Cloch Mhíle/Sprioc | Ainm | Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna) | Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna) | | | Amlíne tháscach le cur i gcrích | | Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | Aonad tomhais | Bonnlíne | Sprioc | Ráithe | Bliain | |
| 1C-1 | Athchóiriú – Comhshocrú Tithíochta 2.0 | Garsprioc | Teacht i bhfeidhm Dhlí Chomhshocrú Tithíochta 2.0 | Teacht i bhfeidhm | - | - | - | C3 | 2021 | Teacht i bhfeidhm Dhlí 2.0 an Chomhshocraithe Tithíochta, arb é is aidhm dó soláthar tithíochta inacmhainne agus inbhuanaithe a mhéadú ar leibhéal an bhardais. Is é is aidhm don Chomhshocrú Tithíochta comhaontuithe cur chun feidhme a tharraingt suas leis na bardais lena gcumasófar 'Clár Gníomhaíochta Áitiúil maidir le Tithíocht' a chur chun feidhme. |
| 1C-3 | Athchóiriú – Comhshocrú Tithíochta 2.0 | Sprioc | Céatadán na mbardas a shíníonn comhaontú cur chun feidhme | - | Céatadán | 0 | 50 | C4 | 2022 | Síniú an chomhaontaithe cur chun feidhme le 50 % ar a laghad de na bardais i Lucsamburg. Sonraítear sa chomhaontú sin, i measc nithe eile, na módúlachtaí chun an tacaíocht airgeadais a bhfuil an bardas ina teideal a íoc. |

**D. Comhpháirt 2A: Iompar a dhícharbónú**

Is é is aidhm don chomhpháirt sin de phlean téarnaimh agus athléimneachta Lucsamburg rannchuidiú le dícharbónú na hearnála iompair de bhóthar (arbh ionann í agus 50 % d'astaíochtaí Lucsamburg in 2018, breis agus dhá oiread mheán an Aontais de 21 %,1 i bpáirt mar gheall ar iompar idirthurais), go háirithe trí leictriú méadaithe soghluaisteachta a chothú.

Is éard atá ann athchóiriú chun ceannach feithiclí astaíochtaí nialasacha nó ísle ó údaráis agus eintitis soláthair a chur chun cinn, agus infheistíocht chun líonra pointí luchtaithe d'fheithiclí leictreacha a chur in úsáid a thuilleadh ar fud na tíre.

Cuidíonn an chomhpháirt sin le haghaidh a thabhairt ar an Moladh Tírshonrach atá dírithe ar Lucsamburg (Moladh Tírshonrach 3 2019 agus Moladh Tírshonrach 3 2020) chun 'infheistíocht a dhíriú ar an aistriú glas (…), go háirithe ar iompar inbhuanaithe'.

Táthar ag súil nach ndéanfaidh aon bheart sa chomhpháirt seo dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852, agus an tuairisc ar na bearta agus na céimeanna maolaitheacha a leagtar amach sa phlean téarnaimh agus athléimneachta i gcomhréir le Treoir Theicniúil DNSH (2021/C58/01) á gcur san áireamh.

**D.1. Tuairisc ar na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí le haghaidh tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha**

Athchóiriú: Leictriú chabhlach na n-údarás conarthach agus na n-eintiteas conarthach, agus an iompair phoiblí

2Foráiltear leis an Treoir maidir le Feithiclí Glana nach mór do na Ballstáit a áirithiú go gcomhlíonfaidh soláthar feithiclí saothair éadroim agus feithiclí tromshaothair ag údaráis chonarthacha agus ag eintitis chonarthacha spriocanna íosta náisiúnta soláthair d'fheithiclí glana, thar thréimhsí tagartha 5 bliana (38.5 % ar a laghad d'fheithiclí saothair éadroim, 45 % de bhusanna glana agus 10 % d'fheithiclí tromshaothair thar 2021-2025).

Is éard atá i gceist leis an athchóiriú sin dul níos faide ná an oibleagáid sin trína cheangal, ní hamháin nach mór na spriocanna íosta a bhaint amach mar mheán náisiúnta le haghaidh na bhfeithiclí uile a sholáthraítear, ach nach mór do gach údarás conarthach agus eintiteas conarthach iad a bhaint amach ina n-aonar freisin.

Ina theannta sin, tá cuspóirí inmheánacha níos airde leagtha síos ag Stát Lucsamburg mar údarás conarthach dó féin, agus tá sé beartaithe aige flít na mbusanna a oibríonn an t-oibreoir iompair phoiblí RGTR a leictriú go hiomlán faoi 2030.

Infheistíocht: Scéim tacaíochta le haghaidh pointí luchtaithe

Is é is aidhm don infheistíocht sin feabhas a chur ar líonra na bpointí luchtaithe le haghaidh feithiclí leictreacha ar fud Lucsamburg. Is éard atá i gceist leis an infheistíocht sin scéim tacaíochta a ghlacadh le haghaidh pointí luchtaithe, a bhféadfadh pointí luchtaithe poiblí, leathphríobháideacha nó príobháideacha a bheith san áireamh inti ach gan a bheith teoranta dóibh.

[1] Foinse: An Ghníomhaireacht Eorpach Chomhshaoil, breathnóir sonraí gás ceaptha teasa.
[2] Treoir (AE) 2019/1161 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 lena leasaítear Treoir 2009/33/CE maidir le feithiclí iompair de bhóthar atá glan agus tíosach ar fhuinneamh a chur chun cinn. IO L 188, 12.7.2019, lgh. 116–130.

## D.2. Garspriocanna, spriocanna, táscairí agus amchlár le haghaidh faireachán agus cur chun feidhme maidir le tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

| Uimhir sheicheamhach | Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht) | Cloch Mhíle/Sprioc | Ainm | Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna) | Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna) | | | Amlíne tháscach le cur i gcrích | | Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | Aonad tomhais | Bonnlíne | Sprioc | Ráithe | Bliain | |
| 2A-1 | Athchóiriú: Leictriú chabhlach na n-údarás conarthach agus na n-eintiteas conarthach, agus an iompair phoiblí | Garsprioc | An Rialachán maidir leis an Ard-Diúcacht i ndáil le feithiclí glana a sholáthar | Teacht i bhfeidhm | - | - | - | C3 | 2021 | Teacht i bhfeidhm an Rialacháin maidir leis an Ard-Diúcacht lena sainítear na híoschéatadáin d’fheithiclí glana (feithiclí éadroma, busanna, feithiclí tromshaothair) i measc feithiclí arna soláthar le conarthaí poiblí atá le baint amach ag gach údarás conarthach agus ag gach eintiteas conarthach le linn na tréimhse 2021-2025 |
| 2A-2 | Infheistíocht: Scéim tacaíochta le haghaidh pointí luchtaithe | Garsprioc | Dlí maidir leis an scéim tacaíochta le haghaidh pointí luchtaithe | Teacht i bhfeidhm | - | - | - | C1 | 2022 | Teacht i bhfeidhm an dlí lena gcuirtear scéim tacaíochta i bhfeidhm le haghaidh bonneagar luchtaithe d’fheithiclí leictreacha. Cuirfear an scéim tacaíochta ar fáil do chuideachtaí, agus tacóidh sí le pointí luchtaithe a bhfuil rochtain ag an bpobal orthu nó nach bhfuil. |
| 2A-4 | Infheistíocht: Scéim tacaíochta le haghaidh pointí luchtaithe | Sprioc | Líon na bpointí luchtaithe suiteáilte | - | Méadracht soláthair | 0 | 2 986 | C4 | 2025 | Líon na bpointí luchtaithe a suiteáladh (arna shloinneadh i dtéarmaí mhéadracht an tsoláthair). Ríomhfar an ‘méadracht soláthair’ de réir na modheolaíochta a shainítear in Transport & Environment (2020) report ‘Recharge EU: cé mhéad pointe luchtaithe a bheidh de dhíth ar an Eoraip agus ar a Ballstáit sna 2020idí, ach an t-ualach céanna a chur i bhfeidhm freisin maidir le stáisiúin luchtaithe neamhphoiblí agus a chuirtear i bhfeidhm maidir le stáisiúin luchtaithe leathphoiblí. |

**E. Comhpháirt 2B: An comhshaol agus an bhithéagsúlacht a chosaint**

Is é is aidhm don chomhpháirt sin de phlean téarnaimh agus athléimneachta Lucsamburg an bhithéagsúlacht agus cosaint agus caomhnú éiceachóras a chothú i Lucsamburg, mar bhealach chun an athléimneacht a neartú, agus aird á tabhairt go háirithe ar na naisc idir sláinte an duine agus sláinte éiceachóras. Áirítear ar na cuspóirí gnáthóga a athchóiriú, leanúnachas éiceolaíoch a mhéadú, agus athléimneacht agus athchóiriú éiceachóras, chomh maith le múscailt feasachta agus comhroinnt eolais leanúnach.

Is éard atá sa chomhpháirt beart amháin, ina bhfuil roinnt gnéithe den athchóiriú agus roinnt gnéithe d'infheistíochtaí, chun tacú le hiarrachtaí na mbardas i ngníomhaíochtaí caomhnaithe comhshaoil nádúrtha agus bithéagsúlachta. Moltar sa bheart plean gníomhaíochta lena n-ullmhaítear bardais chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a bhaineann le meath na bithéagsúlachta agus díghrádú éiceachórais.

Cé nach dtagraíonn Moltaí Tírshonracha atá dírithe ar Lucsamburg don chomhshaol nádúrtha agus don bhithéagsúlacht mar dhúshlán sonrach don tír, cuireann an chomhpháirt sin go ginearálta le Moladh Tírshonrach 3 2020 maidir le 'infheistíocht a dhíriú ar an aistriú glas (…)'.

Táthar ag súil nach ndéanfaidh aon bheart sa chomhpháirt seo dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852, agus an tuairisc ar na bearta agus na céimeanna maolaitheacha a leagtar amach sa phlean téarnaimh agus athléimneachta i gcomhréir le Treoir Theicniúil DNSH (2021/C58/01) á gcur san áireamh.

**E.1. Tuairisc ar na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí le haghaidh tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha**

Athchóiriú agus infheistíocht: *'Naturpakt'*

Is é is aidhm don bheart bardais a spreagadh chun páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí cosanta comhshaoil nádúrtha agus bithéagsúlachta. Is éard atá i gceist leis an mbeart tacú le bardais conradh *'Naturpakt'* a shíniú leis an Stát agus deimhniú a bhaint amach dá bhfeidhmíocht.

**E.2. Garspriocanna, spriocanna, táscairí agus amchlár le haghaidh faireachán agus cur chun feidhme maidir le tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha**

| Uimhir sheicheamhach | Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht) | Cloch Mhíle/Sprioc | Ainm | Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna) | Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna) | | | Amlíne tháscach le cur i gcrích | | Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | Aonad tomhais | Bonnlíne | Sprioc | Ráithe | Bliain | |
| 2B-1 | Athchóiriú agus infheistíocht: *'Naturpakt'* | Garsprioc | Catalóg na mbeart a thabhairt chun críche | Foilsiú | - | - | - | C3 | 2021 | Foilsiú chatalóg na mbeart a glacadh a bhaineann le beartais chomhshaoil nádúrtha agus bhithéagsúlachta i gcomhthéacs *'Naturpakt', atá i gcomhréir leis an bprionsabal 'gan dochar suntasach a dhéanamh'*. |
| 2B-2 | Athchóiriú agus infheistíocht: *'Naturpakt'* | Garsprioc | *An Dlí 'Naturpakt'* | Teacht i bhfeidhm | - | - | - | C4 | 2021 | Teacht i bhfeidhm an Dlí lena mbunaítear *'Naturpakt'* lena gceadaítear do bhardais *'conradh Naturpakt'* a shíniú leis an Stát, trína ngeallann siad gníomhaíochtaí cosanta comhshaoil nádúrtha agus bithéagsúlachta a chur chun feidhme ar a gcríoch ar feadh na tréimhse go dtí 2030, agus deimhniú agus fóirdheontais airgeadais ghaolmhara a fháil a luaithe a bheidh leibhéal leordhóthanach feidhmíochta acu i bhfianaise catalóg beart a bhaineann leis an gcomhshaol nádúrtha agus le beartais bhithéagsúlachta. |
| 2B-5 | Athchóiriú agus infheistíocht: *'Naturpakt'* | Sprioc | Deimhniú *'Naturpakt'* | - | Deimhniúchán | 0 | 50 | C1 | 2025 | Tá 50 bardas san iomlán deimhnithe faoin *'Naturpakt'*, bunaithe ar mheasúnú iniúchóireachta dearfach go bhfuil leibhéal feidhmíochta 40 % den uasscór insroichte bainte amach ag gach bardas. |

**F. Comhpháirt 3A: Geilleagar sonraíbhunaithe a chur chun cinn**

Is dúshlán mór don tsochaí é slándáil sonraí pearsanta ós rud é go bhfuil gníomhairí eacnamaíocha agus sóisialta ag brath níos mó agus níos mó ar chumarsáid dhigiteach. Is é is aidhm don chuid sin de phlean téarnaimh agus athléimneachta Lucsamburg, 'Geilleagar sonraíbhunaithe a chur chun cinn', aghaidh a thabhairt ar an dúshlán sin. Is é is cuspóir dó bonneagar cumarsáide sárshlán a fhorbairt bunaithe ar theicneolaíocht chandamach agus é mar aidhm leis slándáil cumarsáide sonraí íogaire a fheabhsú. Tá sé d'aidhm ag an gcomhpháirt sin freisin éiceachóras teicneolaíochta nua a chruthú i Lucsamburg, arb é is aidhm dó poist a chruthú agus saineolaithe eolaíocha sa réimse a mhealladh.

Sa chomhthéacs sin, beidh páirt trastíre ag an mBonneagar Cumarsáide Candamaí (QCI) a imscarfar, a bheidh in ann dhá phointe a nascadh le fad uasta 100 km.

Tá sé i gceist leis an gcomhpháirt rannchuidiú le haghaidh a thabhairt ar na Moltaí Tírshonracha a fuair Lucsamburg in 2019 agus 2020, ina moltar beartas eacnamaíoch a bhaineann le hinfheistíocht a stiúradh chun digitiú agus nuálaíocht a spreagadh. Rannchuidíonn an chomhpháirt leis an aistriú digiteach freisin.

Táthar ag súil nach ndéanfaidh aon bheart sa chomhpháirt seo dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852, agus an tuairisc ar na bearta agus na céimeanna maolaitheacha a leagtar amach sa phlean téarnaimh agus athléimneachta i gcomhréir le Treoir Theicniúil DNSH (2021/C58/01) á gcur san áireamh.

**F.1. Tuairisc ar na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí le haghaidh tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha**

Athchóiriú 1: Cruthú éiceachórais teicneolaíochta nua i Lucsamburg a chothú

Tá forbairt agus úsáid na teicneolaíochta cumarsáide candamaí fós i gcéim thurgnamhach. Is é is aidhm don athchóiriú atá beartaithe forbairt éiceachórais nua i Lucsamburg a spreagadh i ndáil leis an teicneolaíocht nua sin, agus rannpháirtíocht na gcuideachtaí príobháideacha agus na dtaighdeoirí a spreagadh.

Infheistíocht 1: Bonneagar tástála agus réitigh nascachta sárshlána a fhorbairt agus a chur in úsáid

Is éard atá i gceist leis an infheistíocht sin an bonneagar taighde is gá a fhorbairt agus a chur in úsáid chun eolas agus taithí a fháil i réimse na cumarsáide bunaithe ar theicneolaíocht chandamach. Chun é sin a dhéanamh, cruthófar saotharlann LuxQCI i gcomhar leis an Institiúid Taighde SnT. Tá taispeántas amháin le déanamh chun taithí a fháil ar an teicneolaíocht.

## F.2. Garspriocanna, spriocanna, táscairí agus amchlár le haghaidh faireachán agus cur chun feidhme maidir le tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

| Uimhir sheicheamhach | Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht) | Cloch Mhíle / Sprioc | Ainm | Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna) | Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna) | | | Amlíne tháscach le cur i gcrích | | Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | Aonad tomhais | Bonnlíne | Sprioc | Ráithe | Bliain | |
| 3A-2 | Athchóiriú 1 – Borradh a chur faoi éiceachóras nua a chruthú i Lucsamburg | Sprioc | Dáileadh Candamach Eochracha | | Uimhir | 0 | 2 | C2 | 2022 | Nasc rathúil 2 shuíomh faoi chuimsiú LuxQCI Lab trí líonra trastíre a bhunú. |
| 3A-3 | Infheistíocht 1 - Bonneagar tástála agus réitigh nascachta sárshlána a fhorbairt agus a chur in úsáid | Garsprioc | Saotharlann LuxQCI | Teacht i bhfeidhm Shaotharlann LuxQCI | | | | C3 | 2021 | Beidh LuxQCI Lab, atá beartaithe chun an saineolas is gá a fháil chun bonneagar cumarsáide candamaí a fhorbairt agus a oibriú, oibríochtúil. |
| 3A-4 | Infheistíocht 1 - Bonneagar tástála agus réitigh nascachta sárshlána a fhorbairt agus a chur in úsáid | Garsprioc | Tuarascáil ex-post maidir leis an léiriú trasteorann ar nasc trastíre dáilte eochracha candamacha | An tuarascáil ex-post a chur isteach | | | | C1 | 2023 | Tuarascáil ex post arna cur isteach ag an gconraitheoir maidir leis an léiriú trasteorann ar nasc trastíre dáilte eochracha candamacha. |

**G. Comhpháirt 3B: Nuachóiriú an riaracháin phoiblí**

Léirigh paindéim COVID-19 agus na bearta imshrianta go bhfuil géarghá le réitigh dhigiteacha idir-inoibritheacha leordhóthanacha a fhorbairt a thuilleadh do sheirbhísí poiblí agus do riaracháin phoiblí. Is é is aidhm don chomhpháirt sin aghaidh a thabhairt ar an dúshlán sin, trí éifeachtacht agus éifeachtúlacht na riarachán poiblí agus a seirbhísí a mhéadú trína ndigitiú, agus dúshláin, riachtanais agus ionchais reatha na saoránach agus na n-oifigeach rialtais á gcur san áireamh.

Tá sé beartaithe leis an gcomhpháirt de phlean téarnaimh agus athléimneachta Lucsamburg freagairt do na Moltaí Tírshonracha a díríodh chuig Lucsamburg in 2019 agus 2020, inar moladh nuálaíocht agus digitiú a chothú, go háirithe in earnáil an ghnó, chomh maith le beartas eacnamaíoch a bhaineann le hinfheistíocht a threorú chun digitiú agus nuálaíocht a spreagadh. Rannchuidíonn an chomhpháirt leis an aistriú digiteach freisin.

Táthar ag súil nach ndéanfaidh aon bheart sa chomhpháirt seo dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852, agus an tuairisc ar na bearta agus na céimeanna maolaitheacha a leagtar amach sa phlean téarnaimh agus athléimneachta i gcomhréir le Treoir Theicniúil DNSH (2021/C58/01) á gcur san áireamh.

**G.1. Tuairisc ar na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí le haghaidh tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha**

Infheistíocht 1: Bainistiú leictreonach doiciméad agus Bainistiú Cásanna

Is é is aidhm don bheart bainistiú doiciméad sa riarachán poiblí a dhigitiú. Is éard atá i gceist leis an infheistíocht sin ardán lárnach a fhorbairt le haghaidh bainistiú leictreonach doiciméad (ardán 'Hive') agus rochtain a thabhairt ar chúig eintiteas rialtais ar an ardán.

Infheistíocht 2: Forbairt MyGuichet – Tionscadal 1/3 – Ceapacháin fhíorúla

Is é príomhchuspóir na hinfheistíochta sin é a chur ar a gcumas do riaracháin phoiblí ceapacháin fhíorúla a thairiscint agus rochtain ar fheidhmiúlachtaí éagsúla a bhunú trí cheapacháin físchomhdhála.

Infheistíocht 2: Forbairt MyGuichet – Tionscadal 2/3 – Nósanna imeachta Éagsúla Saoránach don Rialtas (C2G) agus Gnólacht le Rialtas (B2G)

Is é is aidhm d'Infheistíocht 2 12 sheirbhís nua ar líne a thabhairt isteach – atá ailínithe le tosaíochtaí an Rialacháin maidir leis an Tairseach Aonair Dhigiteach – chun an tairiscint dhigiteach do shaoránaigh agus do ghnólachtaí a leathnú agus chun próisis riaracháin éagsúla a shimpliú. Mar shampla, tabharfar isteach cur chuige Gnó go Rialtas maidir le hasbhaint cánach fostaithe ionas gur féidir le saoránaigh rochtain a fháil ar an bhfaisnéis sin trí MyGuichet. Seirbhís eile a chuirfear i bhfeidhm is ea cur chuige Saoránach don Rialtas a thabhairt isteach chun cur i bhfeidhm ceadanna fiaigh trí MyGuichet a éascú.

Infheistíocht 2: Forbairt MyGuichet – Tionscadal 3/3 – Aip mhóibíleach MyGuichet.lu

Is é aidhm na hinfheistíochta seo na feidhmiúlachtaí a thairgtear i MyGuichet.lu a aistriú chuig feidhmchlár soghluaiste. Beidh an feidhmchlár móibíleach seo ar fáil don phobal i gcoitinne agus is é is aidhm dó feabhas a chur ar éifeachtacht na nósanna imeachta do shaoránaigh agus do ghnólachtaí. Leis an bhfeidhmchlár, soláthrófar rochtain ar fheidhmeanna deisce amhail nósanna imeachta leis an riarachán poiblí, ó fhón póca pearsanta. Feidhm eile a chuirfidh an aip seo ar fáil is

ea an fhéidearthacht doiciméid a scanadh. Dá bhrí sin, beidh an fón cliste in ann scanóir a athsholáthar.

Infheistíocht 3: MyADEM

Is é is aidhm don bheart seirbhísí na gníomhaireachta poiblí fostaíochta (ADEM) a dhigitiú. Is éard atá i gceist leis an infheistíocht sin Straitéis ADEM 2025 a ghlacadh agus rochtain ar nósanna imeachta riaracháin digiteacha atá nasctha le MyADEM trí MyGuichet a chumasú.

Infheistíocht 4: Ardán náisiúnta le haghaidh bainistiú suirbhéanna poiblí

Is é is aidhm don bheart tacú le hardán náisiúnta a fhorbairt chun suirbhéanna poiblí a bhainistiú. Is éard atá i gceist leis an infheistíocht sin ardán náisiúnta a chruthú a chuirfidh ar chumas riaracháin phoiblí suirbhéanna poiblí a bhainistiú agus a chruthú.

## G.2. Garspriocanna, spriocanna, táscairí agus amchlár le haghaidh faireachán agus cur chun feidhme maidir le tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

| Uimhir sheicheamhach | Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht) | Cloch Mhíle/Sprioc | Ainm | Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna) | Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna) | | | Amlíne tháscach le cur i gcrích | | Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | Aonad tomhais | Bonnlíne | Sprioc | Ráithe | Bliain | |
| 3B-1 | Infheistíocht 1 – Bainistiú Leictreonach Doiciméad agus Bainistiú Cásanna | Garsprioc | Ardán lárnach le haghaidh bainistiú leictreonach doiciméad agus bainistiú cásanna a theacht i bhfeidhm. | Ardán iomlán a theacht i bhfeidhm | | | | C4 | 2021 | Beidh ardán lárnach oibríochtúil lenar féidir doiciméid a bhainistiú go leictreonach agus doiciméid a mhalartú idir riaracháin phoiblí, rud a chuirfidh feabhas ar bhainistiú doiciméad ag riaracháin phoiblí. |
| 3B-4 | Infheistíocht 1 – Bainistiú Leictreonach Doiciméad agus Bainistiú Cásanna | Sprioc | Thug cúig eintiteas rialtais rochtain ar an ardán 'Hive' | | Uimhir | 0 | 5 | C2 | 2024 | Tabharfar rochtain do chúig eintiteas rialtais ar an ardán 'Hive'. |
| 3B-5 | Infheistíocht 2 - Forbairt MyGuichet-Tionscadal 1/3: Ceapachán fíorúil | Garsprioc | Céim 1 den Mhalartú trí fhíschomhdháil | Cur chun feidhme an bhonneagair is gá chun ceapacháin fhíorúla a chur ar fáil | | | | C2 | 2022 | Tionscadal bonneagair a chur chun feidhme lena gcuirfear ar chumas beirt malartú trí fhíschomhdháil lena mbrabhsálaithe gréasáin. Baineann sé sin le ceapacháin fhíorúla idir saoránaigh nó gnólachtaí agus an riarachán poiblí. |
| 3B-6 | Infheistíocht 2 - Forbairt MyGuichet-Tionscadal 1/3: Ceapachán fíorúil | Garsprioc | Céim 2 den Mhalartú trí fhíschomhdháil | Tabhairt isteach na gceapachán fíorúil laistigh de MyGuichet.lu | | | | C4 | 2022 | Infhaighteacht fheidhmiúlacht na gceapachán físchomhdhála in MyGuichet.lu (an próiseas ceapacháin a choigeartú, scáileán liosta na gceapachán a oiriúnú, an seomra feithimh a fhorbairt, na spásanna pearsanta a oiriúnú chun féachaint ar na ceapacháin a rinneadh). |
| 3B-7 | Infheistíocht 2 - Forbairt | Sprioc | 12 sheirbhís nua | | Uimhir | 0 | 12 | C4 | 2022 | 12 sheirbhís nua a chur chun feidhme agus a chur ar fáil do shaoránaigh agus do |

| Uimhir sheicheamhach | Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht) | Cloch Mhíle/Sprioc | Ainm | Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna) | Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna) | | | Amlíne tháscach le cur i gcrích | | Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | Aonad tomhais | Bonnlíne | Sprioc | Ráithe | Bliain | |
| | MyGuichet-Tionscadal 2/3: Cineálacha éagsúla cur chuige C2G agus B2G | | | | | | | | | ghnólachtaí, ar féidir rochtain a fháil orthu trí MyGuichet.lu. |
| 3B-8 | Infheistíocht 2 - Forbairt MyGuichet - Tionscadal 3/3: APP Mobile MyGuichet.lu | Garsprioc | Leagan soghluaiste de MyGuichet a chur in úsáid (lucht féachana srianta) | Leagan soghluaiste de MyGuichet ar fáil do lucht féachana teoranta | | | | C2 | 2021 | Leagan soghluaiste de MyGuichet a imscaradh ag feidhmiú agus ar fáil le haghaidh raon feidhme teoranta úsáideoirí. |
| 3B-9 | Infheistíocht 2 - Forbairt MyGuichet - Tionscadal 3/3: APP Mobile MyGuichet.lu | Garsprioc | Leagan soghluaiste de MyGuichet.lu a chur in úsáid don phobal i gcoitinne | Leagan soghluaiste de MyGuichet ar fáil don phobal i gcoitinne | | | | C3 | 2021 | Leagan soghluaiste de MyGuichet.lu a chur in úsáid atá ar fáil don phobal i gcoitinne. |
| 3B-10 | Infheistíocht 3 - 'eADEM' | Garsprioc | Straitéis ADEM 2025 a chruthú don chéim anailíseach | Glacadh Straitéis ADEM 2025 | | | | C4 | 2021 | Glacadh Straitéis ADEM 2025 agus clár oibre meántéarmach. Is é an cuspóir a bheidh ann foireann ADEM (Agence pour le développement de l´emploi) a shlógadh chun dul i ngleic leis na dúshláin oibríochtúla agus dhigiteacha a eascraíonn as 'eADEM'. |
| 3B-12 | Infheistíocht 3 - 'MyADEM' | Garsprioc | Nósanna imeachta riaracháin digiteacha atá nasctha le | Nósanna imeachta riaracháin | | | | C2 | 2026 | Tá rochtain ar nósanna imeachta riaracháin digiteacha a bhaineann le MyADEM trí MyGuichet. |

| Uimhir sheicheamhach | Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht) | Cloch Mhíle/Sprioc | Ainm | Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna) | Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna) | | | Amlíne tháscach le cur i gcrích | | Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | Aonad tomhais | Bonnlíne | Sprioc | Ráithe | Bliain | |
| | | | MyADEM | digiteacha atá nasctha le MyADEM | | | | | | |
| 3B-13 | Infheistíocht 4 – Ardán náisiúnta chun imscrúduithe poiblí a bhainistiú | Garsprioc | Ardán náisiúnta a chruthú chun suirbhéanna poiblí agus doiciméid ghaolmhara a bhainistiú agus a fhoilsiú | Ardán náisiúnta a chruthú | | | | C1 | 2021 | Beidh ardán náisiúnta ar fáil do gach riarachán poiblí a eagraíonn suirbhéanna poiblí leis na príomhfheidhmiúlachtaí, lena n-áirítear suirbhéanna poiblí agus doiciméid ghaolmhara a bhainistiú agus a fhoilsiú agus an deis a bheith ag an bpobal i gcoitinne aighneacht ar líne a chur isteach. |

**H. Comhpháirt 3C: Geilleagar trédhearcach cothrom a chur chun cinn**

Sa chomhpháirt sin de phlean téarnaimh agus athléimneachta Lucsamburg tá beart a bhaineann le nuachóiriú an chánachais chorparáidigh, is é sin dlí lena dtoirmisctear asbhaintí chun críoch cánach corparáide úis agus ríchíosanna a íoctar le gnóthais ghaolmhara atá bunaithe i ndlínsí a áirítear ar liosta an Aontais de dhlínsí neamh-chomhoibríocha chun críoch cánach.

Mar chomhlánú ar an mbeart sin, léirítear leis an gcomhpháirt go ndéanfaidh Lucsamburg measúnú tionchair ar an dlí thuasluaite, 'd'fhonn bonn eolais a chur faoin bplé maidir leis an mbeart a leathnú chuig tríú dlínsí seachas iad siúd a áirítear ar liosta an Aontais maidir le dlínsí cánach neamh-chomhoibríocha'.

Léirítear sa chomhpháirt freisin go leanfaidh Lucsamburg de mheon cuiditheach a ghlacadh sa phlé atá ar siúl faoi láthair agus sa phlé atá ar na bacáin maidir le nuachóiriú chóras fioscach an Aontais agus an chórais fhioscaigh idirnáisiúnta is infheidhme maidir le cuideachtaí, go háirithe mar chuid de Chreat Cuimsitheach ECFE i gcomhthéacs na dtionscnamh a fógraíodh sa Teachtaireacht ón gCoimisiún le déanaí dar teideal 'Cánachas Gnó don 21ú haois'.

Tá bearta sa chomhpháirt sin freisin maidir leis an gcomhrac i gcoinne sciúradh airgid agus mhaoiniú na sceimhlitheoireachta, a bhfuiltear ag súil go rannchuideoidh siad leis an Moladh Tírshonrach chun maoirseacht agus forfheidhmiú éifeachtach an chreata frithsciúrtha airgid a áirithiú a mhéid a bhaineann le gairmithe a sholáthraíonn seirbhísí iontaoibhe agus cuideachta, agus seirbhísí infheistíochta.

Táthar ag súil nach ndéanfaidh aon bheart sa chomhpháirt seo dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852, agus an tuairisc ar na bearta agus na céimeanna maolaitheacha a leagtar amach sa phlean téarnaimh agus athléimneachta i gcomhréir le Treoir Theicniúil DNSH (2021/C58/01) á gcur san áireamh.

**H.1. Tuairisc ar na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí le haghaidh tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha**

Athchóiriú 1: Cánachas corparáideach a nuachóiriú

Is éard atá san athchóiriú sin beart reachtach lena dtoirmisctear asbhaintí chun críoch cánach ioncaim corparáidí i gcás ús agus ríchíosanna a íoctar le gnóthais ghaolmhara atá bunaithe i ndlínsí a áirítear ar liosta an Aontais de dhlínsí neamh-chomhoibríocha chun críoch cánach. Leis an athchóiriú sin, cuirtear chun feidhme comhaontú ar thángthas air ag Comhairle an Aontais Eorpaigh i mí na Nollag 2019.

Athchóiriú 2: Sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta a chomhrac

Is é is cuspóir don athchóiriú seo an creat a threisiú chun sciúradh airgid (ML) agus maoiniú sceimhlitheoireachta (TF) a chomhrac, creat is infheidhme maidir le gairmithe a sholáthraíonn seirbhísí iontaoibhe agus cuideachta, agus seirbhísí infheistíochta.

Is éard atá i gceist leis na bearta gaolmhara na forálacha náisiúnta maidir leis an gcomhrac in aghaidh sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta a threisiú, measúnuithe riosca ML/TF a fhoilsiú, athbhreithniú a dhéanamh ar chreat reachtach agus uirlisí digiteacha Chlár Gnó Lucsamburg agus an creat dlíthiúil is infheidhme maidir le soláthraithe seirbhísí iontaoibhe agus cuideachtaí a threisiú.

## H.2. Garspriocanna, spriocanna, táscairí agus amchlár le haghaidh faireachán agus cur chun feidhme maidir le tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

| Uimhir sheicheamhach | Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht) | Cloch Mhíle/Sprioc | Ainm | Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna) | Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna) | | | Amlíne tháscach le cur i gcrích | | Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | Aonad tomhais | Bonnlíne | Sprioc | Ráithe | Bliain | |
| 3C-1 | Athchóiriú 1 – Cánachas corparáideach a nuachóiriú | Garsprioc | Gníomh an 10 Feabhra 2021 lena leasaítear gníomh leasaithe an 4 Nollaig 1967 maidir le cáin ioncaim (dréachtghníomh Uimh. 7547 roimhe seo) | Teacht i bhfeidhm an ghnímh | - | - | - | C1 | 2021 | Teacht i bhfeidhm Ghníomh an 10 Feabhra 2021 lena leasaítear gníomh leasaithe an 4 Nollaig 1967 maidir le cáin ioncaim (dréachtghníomh Uimh. 7547 roimhe seo) lena dtugtar isteach, chun críoch cánach corparáide, neamh-inasbhainteacht ús agus ríchíosanna arna n-íoc le gnóthais ghaolmhara atá bunaithe i ndlínsí cánach neamh-chomhoibríocha. |
| 3C-2 | Athchóiriú 2 – Sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta a chomhrac | Garsprioc | Gníomh an 25 Márta 2020 maidir le AML | Teacht i bhfeidhm an ghnímh | | | | C1 | 2020 | Teacht i bhfeidhm Ghníomh an 25 Márta 2020 lena leasaítear gníomh leasaithe an 12 Samhain 2004 maidir leis an gcomhrac i gcoinne sciúradh airgid agus mhaoiniú na sceimhlitheoireachta. |
| 3C-3 | Athchóiriú 2 – Sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta a chomhrac | Garsprioc | Foraithne Grand-ducal an 14 Lúnasa 2020 maidir le AML | Teacht i bhfeidhm na foraithne ardchéime | | | | C3 | 2020 | Teacht i bhfeidhm fhoraithne an Ard-Diúic an 14 Lúnasa 2020 lena leasaítear foraithne an Ard-Diúic an 1 Feabhra 2010 lena sonraítear forálacha áirithe d'Acht leasaithe an 12 Samhain 2004 maidir leis an gcomhrac i gcoinne sciúradh airgid agus mhaoiniú na sceimhlitheoireachta. |
| 3C-4 | Athchóiriú 2 – Sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta a chomhrac | Garsprioc | Measúnú riosca ingearach i réimse mhaoiniú na sceimhlitheoireachta | Measúnú riosca a fhoilsiú | | | | C2 | 2021 | Foilsiú, ar ghlacadh an Mheasúnaithe Riosca Ingearaigh ar Mhaoiniú Sceimhlitheoireachta ag an gCoiste um Chosc ML/TF, measúnú riosca ar na bagairtí atá roimh Lucsamburg mar chainéal le haghaidh mhaoiniú na sceimhlitheoireachta |
| 3C-5 | Athchóiriú 2 – Sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoire | Garsprioc | Measúnú riosca earnála ar dhaoine dlítheanacha | Measúnú riosca a fhoilsiú | | | | C4 | 2021 | Measúnú Riosca Earnála ar Dhaoine Dlíthiúla a fhoilsiú. |

| Uimhir sheicheamhach | Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht) | Cloch Mhíle/Sprioc | Ainm | Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna) | Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna) | | | Amlíne tháscach le cur i gcrích | | Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | Aonad tomhais | Bonnlíne | Sprioc | Ráithe | Bliain | |
| | achta a chomhrac | | | | | | | | | |
| 3C-6 | Athchóiriú 2 – Sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta a chomhrac | Garsprioc | Nuashonrú 2020 ar an Measúnú Riosca Náisiúnta | Measúnú riosca a fhoilsiú | | | | C4 | 2020 | Foilsiú nuashonrú 2020 ar an Measúnú Riosca Náisiúnta ar Sciúradh Airgid agus ar Mhaoiniú Sceimhlitheoireachta. |
| 3C-7 | Athchóiriú 2 – Sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta a chomhrac | Garsprioc | Clár Gnó Lucsamburg | Teacht i bhfeidhm gnímh reachtaigh | | | | C4 | 2025 | Teacht i bhfeidhm an ghnímh lena leathnaítear cumhachtaí smachtbhannaí, rialaithe agus feidhmiúcháin Chlár Gnó Lucsamburg. Tá suíomh gréasáin nuashonraithe Chlár Gnó Lucsamburg ar líne agus inrochtana. |
| 3C-8 | Athchóiriú 2 – Sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta a chomhrac | Garsprioc | Bailchríoch a chur ar an staidéar maidir le treisiú an chórais is infheidhme maidir le soláthraithe seirbhíse iontaoibhe agus cuideachta | Staidéar a thabhairt chun críche | | | | C4 | 2021 | Bailchríoch a chur ar an staidéar maidir le treisiú an chórais is infheidhme maidir le soláthraithe seirbhíse iontaobhais agus cuideachta. |
| 3C-9 | Athchóiriú 2 – Sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta a chomhrac | Garsprioc | Teacht i bhfeidhm an ghnímh lena dtreisítear an córas is infheidhme maidir le soláthraithe seirbhíse iontaoibhe agus cuideachta | Teacht i bhfeidhm gnímh reachtaigh | | | | C3 | 2023 | Teacht i bhfeidhm an ghnímh lena dtreisítear an córas is infheidhme maidir le soláthraithe seirbhíse iontaobhais agus cuideachta. |

**J. Comhchuid 4A – caibidil REPowerEU**

Tá caibidil REPowerEU bunaithe ar cheithre bheart agus rannchuidíonn sí le haghaidh a thabhairt ar dhúshláin an aistrithe ghlais, go háirithe an gá atá le hastaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú, éifeachtúlacht fuinnimh i bhfoirgnimh a fheabhsú, dlús a chur le forbairt acmhainneachta giniúna breise ó fhoinsí fuinnimh in-athnuaite, spleáchas ar bhreoslaí iontaise allmhairithe a laghdú, agus infhaighteacht agus inrochtaineacht iompair astaíochtaí nialasacha a fheabhsú.

Is iad seo a leanas príomhchuspóirí chaibidil REPowerEU:

- cur in úsáid fuinnimh in-athnuaite a mhéadú agus dlús a chur leis trí tháirgeadh inbhuanaithe bithgháis a chur chun cinn agus trí chur in úsáid acmhainneachta giniúna cumhachta fótavoltaí a mhéadú;
- borradh a chur faoin éifeachtúlacht fuinnimh agus úsáid foinsí in-athnuaite fuinnimh i dtithíocht a chur chun cinn;
- soláthar iompair inbhuanaithe agus astaíochtaí nialasacha a threisiú trí thacú le feithiclí astaíochtaí nialasacha a fháil.

Rannchuidíonn caibidil REPowerEU le haghaidh a thabhairt ar na Moltaí Tírshonracha maidir leis an spleáchas foriomlán ar bhreoslaí iontaise a laghdú (Moladh Tírshonrach 4.1 in 2022 agus 4.1 in 2023) trí dhlús a chur le húsáid fuinnimh in-athnuaite, go háirithe gléasraí cumhachta fótavoltacha agus bithmheatán inbhuanaithe, chomh maith le bearta breise a chur chun feidhme lena dtacaítear le héifeachtúlacht fuinnimh i dtithíocht (Moladh Tírshonrach 4.4 in 2022 agus 4.3 in 2023). Ina theannta sin, tríd an bhflít gluaisteán a leictriú, rannchuidíonn an chaibidil le haghaidh a thabhairt ar an moladh leictriú iompair a chur chun cinn (Moladh Tírshonrach 4.6 in 2022 agus 4.5 in 2023).

Táthar ag súil nach ndéanfaidh aon bheart sa chomhpháirt seo dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852, agus an tuairisc ar an mbeart agus na céimeanna maolaitheacha a leagtar amach sa phlean téarnaimh agus athléimneachta i gcomhréir le Treoir Theicniúil DNSH C(2023)6465 final á gcur san áireamh.

**J.1. Tuairisc ar na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí le haghaidh tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha**

Athchóiriú: Táirgeadh inbhuanaithe bithgháis a chur chun cinn

Is é is aidhm don athchóiriú sin táirgeadh agus glacadh bithgháis inbhuanaithe a mhéadú. Is éard atá san athchóiriú athbhreithniú ar scéim tacaíochta bithgháis inbhuanaithe Lucsamburg atá ann cheana.

Infheistíocht 1: Éifeachtúlacht fuinnimh agus fuinneamh in-athnuaite a chur chun cinn i dtithíocht

Is é cuspóir na hinfheistíochta seo éifeachtúlacht fuinnimh agus úsáid fuinnimh in-athnuaite a mhéadú san earnáil tithíochta. Is éard atá sa bheart formheasanna deontais le haghaidh tionscadail fuinnimh.

Infheistíocht 2: Soghluaisteacht atá saor ó astaíochtaí agus soghluaisteacht ghníomhach a chur chun cinn

Is é is aidhm don infheistíocht seo leictriú fhlít gluaisteán Lucsamburg a spreagadh agus soghluaisteacht ghníomhach a chur chun cinn. Is éard atá i gceist leis an infheistíocht tacaíocht airgeadais a sholáthar chun feithiclí astaíochtaí nialasacha a fháil.

Infheistíocht 3: Aonaid giniúna cumhachta fótavoltaí a thógáil in áitribh ghnó

Is é is aidhm don infheistíocht sin úsáid na giniúna cumhachta fótavoltaí i Lucsamburg a chothú. Is éard atá sa bheart aonaid giniúna cumhachta fótavoltaí de thoilleadh níos mó ná 30 kWp a shuiteáil in áitribh ghnó.

Leis an mbeart seo, ní cheadaítear tacaíocht a thabhairt do láithreáin atá cláraithe mar shuiteálacha CTA ach amháin i gcás nach ndéanann na hidirghabhálacha difear d'astaíochtaí dé-ocsaíde carbóin na suiteálacha CTA sin agus, dá bhrí sin, gur gníomhaíochtaí iad nach bhfuil laistigh de theorainneacha suiteála CTA.

Infheistíocht 4: Tomhas méadaithe: Infheistíocht [2A-4]: Scéim tacaíochta le haghaidh pointí luchtaithe

Is é is cuspóir don infheistíocht seo Infheistíocht [2A-4] a mhéadú: Scéim tacaíochta le haghaidh pointí luchtaithe faoi chomhchuid 2A.

Is éard atá sa chuid mhéadaithe den bheart sin scéim tacaíochta le haghaidh pointí luchtaithe, a bhféadfadh pointí luchtaithe poiblí, leathphríobháideacha nó príobháideacha a bheith san áireamh inti ach gan a bheith teoranta dóibh.

**J.2. Garspriocanna, spriocanna, táscairí agus amchlár le haghaidh faireachán agus cur chun feidhme maidir le tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha**

| Uimhir sheicheamhach | Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht) | Cloch Mhíle/Sprioc | Ainm | Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna) | Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna) | | | Amlíne tháscach le cur i gcrích | | Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | Aonad tomhais | Bonnlíne | Sprioc | Ráithe | Bliain | |
| 4A-1 | Athchóiriú 1 - Táirgeadh inbhuanaithe bithgháis a chur chun cinn | Garsprioc | An Rialachán maidir leis an Ard-Diúcacht lena n-athchóirítear an scéim tacaíochta bithgháis inbhuanaithe | Teacht i bhfeidhm Rialachán an Ard-Diúic lena n-athchóirítear an scéim tacaíochta bithgháis inbhuanaithe | | | | C4 | 2024 | Teacht i bhfeidhm an Rialacháin maidir leis an Ard-Diúcacht lena n-athchóirítear na scéimeanna tacaíochta bithgháis inbhuanaithe chun dreasachtaí a mhéadú chun aoileach a úsáid i gcóimheas maise 90 % ar a laghad agus chun catagóirí taraife nua a chruthú le haghaidh suiteálacha beaga.<br><br>Áiritheofar leis an Rialachán maidir leis an Ard-Diúcacht go gcomhlíonfaidh an bithghás lena mbaineann na critéir inbhuanaitheachta, na critéir maidir le laghdú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa agus na rialacha maidir le barra bia agus beatha a leagtar amach i dTreoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le húsáid fuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite a chur chun cinn. |
| 4A-2 | Infheistíocht 1 - Éifeachtúlacht fuinnimh agus fuinneamh in-athnuaite a chur chun cinn i dtithíocht | Garsprioc | An Rialachán maidir leis an Ard-Diúcacht lena leagtar síos treoirlínte don scéim cabhrach lena gcuirtear éifeachtúlacht fuinnimh agus fuinneamh in-athnuaite chun cinn i dtithíocht | Teacht i bhfeidhm an Rialacháin maidir leis an Ard-Diúcacht lena n-athchóirítear an scéim lena gcuirtear éifeachtúlacht fuinnimh agus fuinneamh in-athnuaite chun cinn i dtithíocht | | | | C2 | 2022 | Teacht i bhfeidhm an Rialacháin maidir leis an Ard-Diúcacht lena leagtar síos na treoirlínte don scéim cabhrach chun inbhuanaitheacht, úsáid réasúnach fuinnimh agus fuinneamh in-athnuaite a chur chun cinn san earnáil tithíochta. |

| Uimhir sheicheamh ach | Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht) | Cloch Mhíle/Sprioc | Ainm | Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna) | Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna) | | | Amlíne tháscach le cur i gcrích | | Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | Aonad tomhais | Bonnlíne | Sprioc | Ráithe | Bliain | |
| 4A-3 | Infheistíocht 1 – Éifeachtúlacht fuinnimh agus fuinneamh in-athnuaite a chur chun cinn i dtithíocht | Sprioc | Líon na bhformheasanna deontais le haghaidh tionscadail fuinnimh | | Uimhir | 0 | 6 290 | C3 | 2026 | Ceaduithe deontais le haghaidh 6 290 tionscadal fuinnimh a bhféadfadh ceann amháin nó níos mó de na catagóirí seo a leanas a bheith san áireamh iontu, ach gan a bheith teoranta dóibh:<br>• tionscadail éifeachtúlachta fuinnimh;<br>• suiteálacha fótavoltacha;<br>• suiteálacha teirmeacha gréine;<br>• coirí adhmadadhainte;<br>• teaschaidéil. |
| 4A-4 | Infheistíocht 2 – Soghluaisteacht astaíochtaí nialasacha agus ghníomhach a chur chun cinn | Garsprioc | An Rialachán maidir leis an Ard-Diúcacht lena leagtar síos treoirlínte le haghaidh na scéime cabhrach lena dtacaítear le feithiclí astaíochtaí nialasacha a fháil | Teacht i bhfeidhm an Rialacháin maidir leis an Ard-Diúcacht lena n-athchóirítear an scéim lena dtacaítear le feithiclí astaíochtaí nialasacha a fháil | | | | C3 | 2022 | Teacht i bhfeidhm an Rialacháin maidir leis an Ard-Diúcacht lena leagtar síos na treoirlínte don scéim cabhrach chun feithiclí bóthair a bhfuil astaíochtaí nialasacha agus ísle CO2 acu a chur chun cinn. |
| 4A-5 | Infheistíocht 2 – Soghluaisteacht astaíochtaí nialasacha agus ghníomhach a chur chun cinn | Sprioc | Líon na bhfeithiclí astaíochtaí nialasacha a fuarthas trí cheannach, léasú nó ligean ar cíos | | Uimhir | 0 | 38 126 | C1 | 2025 | 38 126 fheithicil astaíochtaí nialasacha faighte. |
| 4A-6 | Infheistíocht 3: Aonaid | Sprioc | Toilleadh fótavoltach | | MWp | 0 | 25 | C4 | 2024 | 25 MWp d’acmhainneacht fhótavoltach na n-aonad giniúna cumhachta atá suiteáilte in |

| Uimhir sheicheamhach | Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht) | Cloch Mhíle/Sprioc | Ainm | Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna) | Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna) | | | Amlíne tháscach le cur i gcrích | | Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | Aonad tomhais | Bonnlíne | Sprioc | Ráithe | Bliain | |
| | giniúna cumhachta fótavoltaí a thógáil in áitribh ghnó | | suiteáilte na n-aonad giniúna cumhachta in áitribh ghnó | | | | | | | áitribh ghnó. |
| 4A-7 | Infheistíocht 3: Aonaid giniúna cumhachta fótavoltaí a thógáil in áitribh ghnó | Sprioc | Toilleadh fótavoltach suiteáilte na n-aonad giniúna cumhachta in áitribh ghnó | | MWp | 25 | 55.1 | C3 | 2026 | 55.1 MWp d'acmhainneacht fhótavoltach na n-aonad giniúna cumhachta atá suiteáilte in áitribh ghnó. |
| 4A-8 | Infheistíocht 4: Beart méadaithe: Infheistíocht [2A-4]: Scéim tacaíochta le haghaidh pointí luchtaithe | Sprioc | Líon na bpointí luchtaithe suiteáilte | - | Méadracht soláthair | 2 986 | 3 200 | C2 | 2026 | Líon na bpointí luchtaithe a suiteáladh (arna shloinneadh i dtéarmaí mhéadracht an tsoláthair).<br><br>Ríomhfar an 'méadracht soláthair' de réir na modheolaíochta a shainítear in Transport & Environment (2020) report 'Recharge EU: cé mhéad pointe luchtaithe a bheidh de dhíth ar an Eoraip agus ar a Ballstáit sna 2020idí, ach an t-ualach céanna a chur i bhfeidhm freisin maidir le stáisiúin luchtaithe neamhphoiblí agus a chuirtear i bhfeidhm maidir le stáisiúin luchtaithe leathphoiblí. |

**I. Iniúchadh agus Rialú**

**I.1. Tuairisc ar na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí le haghaidh tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha**

Beidh córas stórais chun na sonraí ábhartha uile a bhaineann le cur chun feidhme an phlean téarnaimh agus athléimneachta a thaifeadadh agus a stóráil - garspriocanna agus spriocanna a bhaint amach, sonraí maidir leis an bhfaighteoir deiridh, conraitheoirí, fochonraitheoirí agus úinéirí tairbhiúla - oibríochtúil sula gcuirfear an chéad iarraidh ar íocaíocht isteach. Roimh an gcéad iarraidh ar íocaíocht, cuirfidh Lucsamburg tuarascáil iniúchóireachta thiomnaithe isteach freisin ina ndeimhneofar éifeachtacht fheidhmiúlachtaí íosta an chórais stóir lárnaigh.

Ina theannta sin, sula gcuirfear an chéad iarraidh ar íocaíocht isteach, cuirfidh Lucsamburg bailchríoch ar chur chun feidhme nósanna imeachta breise chun leasanna airgeadais an Aontais a chosaint mar a thuairiscítear i gCuid III, Caibidil 4 maidir le Cur Chun Feidhme, fochaibidil x agus Caibidil 6 maidir le hIniúchadh agus Rialuithe, fochaibidil xi den Phlean. Leis an dearbhú bainistíochta agus leis an achoimre ar iniúchtaí a ghabhann leis an iarraidh ar íocaíocht, ba cheart a stádas cur chun feidhme a dheimhniú agus aon laigí gaolmhara a aimsíodh agus aon ghníomhaíochtaí ceartaitheacha a rinneadh nó atá beartaithe a shainaithint.

## I.2. Garspriocanna, spriocanna, táscairí agus amchlár le haghaidh faireachán agus cur chun feidhme maidir le tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

| Uimhir sheicheamhach | Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht) | Cloch Mhíle/Sprioc | Ainm | Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna) | Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna) | | | Amlíne tháscach le cur i gcrích | | Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | Aonad tomhais | Bonnlíne | Sprioc | Ráithe | Bliain | |
| AC-1 | Faireachán a dhéanamh ar an bplean agus é a chur chun feidhme | Garsprioc | Córas Stórais um Iniúchóireacht agus Rialuithe: faisnéis chun faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme RRF | Tuarascáil iniúchóireachta lena ndeimhnítear feidhmiúlachtaí chóras an stóir lárnaigh | | | | Roimh an gcéad iarratas ar íocaíocht | Roimh an gcéad iarratas ar íocaíocht | Beidh córas stórais i bhfeidhm agus oibríochtúil chun faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme RRF.<br>Áireofar sa chóras, ar a laghad, na feidhmiúlachtaí seo a leanas:<br>(a) sonraí a bhailiú agus faireachán a dhéanamh ar bhaint amach garspriocanna agus spriocanna;<br>(b) na sonraí a cheanglaítear le hAirteagal 22(2) pointí (d)(i) go (iii) de Rialachán RRF a bhailiú, a stóráil agus rochtain orthu a áirithiú. |
| AC-2 | Faireachán a dhéanamh ar an bplean agus é a chur chun feidhme | Garsprioc | Leasanna airgeadais an Aontais a chosaint | Nósanna imeachta a chur chun feidhme | | | | Roimh an gcéad iarratas ar íocaíocht | Roimh an gcéad iarratas ar íocaíocht | Tabhairt chun críche chur chun feidhme nósanna imeachta breise chun leasanna airgeadais an Aontais a chosaint mar a chuirtear i láthair i gCuid III, Caibidil 4 maidir le Cur Chun Feidhme, fochaibidil x agus Caibidil 6 maidir le hIniúchadh agus Rialuithe, fochaibidil xi den Phlean, atá le cur i gcrích sula gcuirfidh údaráis Lucsamburg an chéad iarraidh ar íocaíocht isteach. |

**Costas iomlán measta an phlean téarnaimh agus athléimneachta**

Is é EUR 241 100 776 costas measta iomlán phlean téarnaimh agus athléimneachta Lucsamburg, lena n-áirítear caibidil REPowerEU. Is é EUR 176 746 699 costas measta iomlán chaibidil REPowerEU. Go háirithe, is é EUR 0 costas measta iomlán na mbeart dá dtagraítear in Airteagal 21c(3), pointe (a) de Rialachán (AE) 2023/435, agus is é EUR 176 746 699 costas na mbeart eile i gcaibidil REPowerEU.

**ROINN 2: Tacaíocht Airgeadais**

**1. Ranníocaíocht airgeadais**

1.1. An Chéad Suiteáil (tacaíocht neamh-inaisíoctha):

| Uimhir sheicheamhach | Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht) | Cloch Mhíle/Sprioc | Ainm |
|---|---|---|---|
| AC-1 | AC: Faireachán a dhéanamh ar an bplean agus é a chur chun feidhme | Garsprioc | Córas Stórais um Iniúchóireacht agus Rialuithe: faisnéis chun faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme RRF |
| 3C-2 | 3C: Athchóiriú 2 – Sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta a chomhrac | Garsprioc | Gníomh an 25 Márta 2020 maidir le AML |
| 1A-1 | 1A: Athchóiriú 1 - Skillsdësch | Garsprioc | Seoladh «Skillsdësch» |
| 1B-1 | 1B: Athchóiriú 1 – Athléimneacht an chórais sláinte a neartú – Gesondheetsdësch | Garsprioc | Céim thosaigh agus ullmhúcháin phróiseas 'Gesondheetsdësch' agus é mar aidhm aghaidh a thabhairt ar na sé thosaíocht théamacha. |
| 3C-3 | 3C: Athchóiriú 2 – Sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta a chomhrac | Garsprioc | Foraithne Grand-ducal an 14 Lúnasa 2020 maidir le AML |
| 3C-6 | 3C: Athchóiriú 2 – Sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta a chomhrac | Garsprioc | Nuashonrú 2020 ar an Measúnú Riosca Náisiúnta |
| 1A-3 | 1A: Infheistíocht 1 - Scileanna sa Todhchaí | Garsprioc | Comhaontú ó chomhpháirtithe maidir leis an 'gcéim oibríochtúil' |
| 1B-7 | 1B: Infheistíocht 2-Athléimneacht an chórais sláinte a neartú — Réiteach teilileighis le haghaidh cianobair leantach leighis ar othair | Garsprioc | 'Maela' |
| 3B-13 | 3B: Infheistíocht 4 – Ardán náisiúnta chun imscrúduithe poiblí a bhainistiú | Garsprioc | Ardán náisiúnta a chruthú chun suirbhéanna poiblí agus doiciméid ghaolmhara a bhainistiú agus a fhoilsiú |
| 3C-1 | 3C: Athchóiriú 1 – Cánachas corparáideach a nuachóiriú | Garsprioc | Gníomh an 10 Feabhra 2021 lena leasaítear gníomh leasaithe an 4 Nollaig 1967 maidir le cáin ioncaim (dréachtghníomh Uimh. 7547 roimhe seo) |
| 3B-8 | 3B: Infheistíocht 2 - Forbairt MyGuichet - Tionscadal 3/3: APP Mobile MyGuichet.lu | Garsprioc | Leagan soghluaiste de MyGuichet a chur in úsáid (lucht féachana srianta) |
| 3C-4 | 3C: Athchóiriú 2 – Sciúradh airgid agus | Garsprioc | Measúnú riosca ingearach i |

| Uimhir sheicheamhach | Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht) | Cloch Mhíle/Sprioc | Ainm |
|---|---|---|---|
| | maoiniú sceimhlitheoireachta a chomhrac | | réimse mhaoiniú na sceimhlitheoireachta |
| 1C-1 | 1C: Athchóiriú – Comhshocrú Tithíochta 2.0 | Garsprioc | Teacht i bhfeidhm Dhlí Chomhshocrú Tithíochta 2.0 |
| 2A-1 | 2A: Athchóiriú: Leictriú chabhlach na n-údarás conarthach agus na n-eintiteas conarthach, agus an iompair phoiblí | Garsprioc | An Rialachán maidir leis an Ard-Diúcacht i ndáil le feithiclí glana a sholáthar |
| 2B-1 | 2B: Athchóiriú agus infheistíocht: 'Naturpakt' | Garsprioc | Catalóg na mbeart a thabhairt chun críche |
| 3A-3 | 3A: Infheistíocht 1- Bonneagar tástála agus réitigh nascachta sárshlána a fhorbairt agus a chur in úsáid | Garsprioc | Saotharlann LuxQCI |
| 3B-9 | 3B: Infheistíocht 2 - Forbairt MyGuichet - Tionscadal 3/3: APP Mobile MyGuichet.lu | Garsprioc | Leagan soghluaiste de MyGuichet.lu a chur in úsáid don phobal i gcoitinne |
| 1A-4 | 1A: Infheistíocht 1- Scileanna sa Todhchaí | Sprioc | Rannpháirtithe FutureSkills atá níos sine ná 45 bliain d'aois |
| 1A-5 | 1A: Infheistíocht 1 - Scileanna sa Todhchaí | Sprioc | Rannpháirtithe Scileanna sa Todhchaí |
| 1B-2 | 1B: Athchóiriú 1 – Athléimneacht an chórais sláinte a neartú – Gesondheetsdësch | Garsprioc | Clár oibre |
| 2B-2 | 2B: Athchóiriú agus infheistíocht: 'Naturpakt' | Garsprioc | An Dlí 'Naturpakt' |
| 3B-1 | 3B: Infheistíocht 1 – Bainistiú Leictreonach Doiciméad agus Bainistiú Cásanna | Garsprioc | Ardán lárnach le haghaidh bainistiú leictreonach doiciméad agus bainistiú cásanna a theacht i bhfeidhm. |
| 3B-10 | 3B: Infheistíocht 3 - 'eADEM' | Garsprioc | Straitéis ADEM 2025 a chruthú don chéim anailíseach |
| 3C-5 | 3C: Athchóiriú 2 – Sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta a chomhrac | Garsprioc | Measúnú riosca earnála ar dhaoine dlítheanacha |
| 3C-8 | 3C: Athchóiriú 2 – Sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta a chomhrac | Garsprioc | Bailchríoch a chur ar an staidéar maidir le treisiú an chórais is infheidhme maidir le soláthraithe seirbhíse iontaoibhe agus cuideachta |
| AC-2 | AC: Faireachán a dhéanamh ar an bplean agus é a chur chun feidhme | Garsprioc | Leasanna airgeadais an Aontais a chosaint |
| | | **Méid na Tráthchoda** | **EUR 24 858 611** |

1.2. An Dara Suiteáil (tacaíocht neamh-inaisíoctha):

| **Uimhir sheicheamhach** | **Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)** | **Cloch Mhíle/Sprioc** | **Ainm** |
|---|---|---|---|
| 2A-2 | 2A: Infheistíocht: Scéim tacaíochta le haghaidh pointí luchtaithe | Garsprioc | Dlí maidir leis an scéim tacaíochta le haghaidh pointí luchtaithe |
| 1A-2 | 1A: Athchóiriú 1 - Skillsdësch | Garsprioc | Seoladh na gairmoiliúna (‘droichid scileanna’) |
| 3A-2 | 3A: Athchóiriú 1 – Borradh a chur faoi éiceachóras nua a chruthú i Lucsamburg | Sprioc | Dáileadh Candamach Eochracha |
| 3B-5 | 3B: Infheistíocht 2 - Forbairt MyGuichet- Tionscadal 1/3: Ceapachán fíorúil | Garsprioc | Céim 1 den Mhalartú trí fhíschomhdháil |
| 1B-6 | 1B: Infheistíocht 1-Athléimneacht an Chórais Sláinte a Neartú — Clár Aonair Digiteach na nGairmeacha Sláinte | Sprioc | An clár digiteach nua a chur ar fáil |
| 1C-3 | 1C: Athchóiriú – Comhshocrú Tithíochta 2.0 | Sprioc | Céatadán na mbardas a shíníonn comhaontú cur chun feidhme |
| 3B-6 | 3B: Infheistíocht 2 - Forbairt MyGuichet- Tionscadal 1/3: Ceapachán fíorúil | Garsprioc | Céim 2 den Mhalartú trí fhíschomhdháil |
| 3B-7 | 3B: Infheistíocht 2 - Forbairt MyGuichet- Tionscadal 2/3: Cineálacha éagsúla cur chuige C2G agus B2G | Sprioc | 12 sheirbhís nua |
| 4A-2 | 4A: Athchóiriú - Éifeachtúlacht fuinnimh agus fuinneamh in-athnuaite a chur chun cinn i dtithíocht | Garsprioc | An Rialachán maidir leis an Ard-Diúcacht lena leagtar síos treoirlínte don scéim cabhrach lena gcuirtear éifeachtúlacht fuinnimh agus fuinneamh in-athnuaite chun cinn i dtithíocht |
| 4A-4 | 4A: Soghluaisteacht atá saor ó astaíochtaí agus soghluaisteacht ghníomhach a chur chun cinn | Garsprioc | An Rialachán maidir leis an Ard-Diúcacht lena leagtar síos treoirlínte le haghaidh na scéime cabhrach lena dtacaítear le feithiclí astaíochtaí nialasacha a fháil |
| | | **Méid na Tráthchoda** | **EUR 59 891 672** |

1.3. An Tríú Suiteáil (tacaíocht neamh-inaisíoctha):

| **Uimhir sheicheamhach** | **Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)** | **Cloch Mhíle/Sprioc** | **Ainm** |
|---|---|---|---|
| 1B-4 | 1B: Athchóiriú 2 – Athléimneacht an Chórais Sláinte a Neartú – Sainchúraimí gairmithe sláinte a athchóiriú | Garsprioc | Gairmeacha cúraim sláinte a athbhreithniú agus bearta nua a thabhairt isteach laistigh de struchtúir ospidéil |
| 1B-8 | 1B: Infheistíocht 2-Athléimneacht an chórais sláinte a neartú – Réiteach teilileighis le haghaidh obair leantach leighis chianda | Garsprioc | Réiteach comhtháite |
| 2B-5 | 2B: Athchóiriú agus infheistíocht: 'Naturpakt' | Sprioc | Deimhniú *'Naturpakt'* ar 50 bardas |
| 3A-4 | 3A: Infheistíocht 1 - Bonneagar tástála agus réitigh nascachta sárshlána a fhorbairt agus a chur in úsáid | Garsprioc | Tuarascáil ex-post maidir leis an léiriú trasteorann ar nasc trastíre dáilte eochracha candamacha |
| 3B-4 | 3B: Infheistíocht 1 – Bainistiú Leictreonach Doiciméad agus Bainistiú Cásanna | Sprioc | Thug cúig eintiteas rialtais rochtain ar an ardán 'Hive' |
| 3C-9 | 3C: Athchóiriú 2 – Sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta a chomhrac | Garsprioc | Teacht i bhfeidhm an ghnímh lena dtreisítear an córas is infheidhme maidir le soláthraithe seirbhíse iontaoibhe agus cuideachta |
| 4A-5 | 4A: Infheistíocht 2 – Soghluaisteacht astaíochtaí nialasacha agus ghníomhach a chur chun cinn | Sprioc | Líon na bhfeithiclí astaíochtaí nialasacha a fuarthas trí cheannach, léasú nó ligean ar cíos |
| 4A-1 | 4A: Athchóiriú 1 - Táirgeadh inbhuanaithe bithgháis a chur chun cinn | Garsprioc | An Rialachán maidir leis an Ard-Diúcacht lena n-athchóirítear an scéim tacaíochta bithgháis inbhuanaithe |
| 4A-6 | 4A: Infheistíocht 3: Aonaid giniúna cumhachta fótavoltaí a thógáil in áitribh ghnó | Sprioc | Toilleadh fótavoltach suiteáilte na n-aonad giniúna cumhachta in áitribh ghnó |
| | | **Méid na Tráthchoda** | **EUR 95 560 498** |

1.4. An Ceathrú Suiteáil (tacaíocht neamh-inaisíoctha):

| Uimhir sheicheamhach | Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht) | Cloch Mhíle/Sprioc | Ainm |
|---|---|---|---|
| 2A-4 | 2A: Infheistíocht: Scéim tacaíochta le haghaidh pointí luchtaithe | Sprioc | Líon na bpointí luchtaithe suiteáilte |
| 1B-5 | 1B: Athchóiriú 2 – Athléimneacht an Chórais Sláinte a Neartú – Sainchúraimí gairmithe sláinte a athchóiriú | Garsprioc | Freagrachtaí altraí cúraim ghinearálta |
| 3C-7 | 3C: Athchóiriú 2 – Sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta a chomhrac | Garsprioc | Clár Gnó Lucsamburg a Chlaochlú |
| 4A-3 | 4A: Infheistíocht 1 - Éifeachtúlacht fuinnimh agus fuinneamh in-athnuaite a chur chun cinn i dtithíocht | Sprioc | Líon na bhformheasanna deontais le haghaidh tionscadail fuinnimh |
| 4A-7 | 4A: Infheistíocht 3: Aonaid giniúna cumhachta fótavoltaí a thógáil in áitribh ghnó | Sprioc | Toilleadh fótavoltach suiteáilte na n-aonad giniúna cumhachta in áitribh ghnó |
| 4A-8 | Infheistíocht 4: Beart méadaithe: Infheistíocht [2A-4]: Scéim tacaíochta le haghaidh pointí luchtaithe | Sprioc | Líon na bpointí luchtaithe suiteáilte |
| 3B-12 | 3B: Infheistíocht 3 - 'MyADEM' | Garsprioc | Nósanna imeachta riaracháin digiteacha atá nasctha le MyADEM |
| | | **Méid na Tráthchoda** | **EUR 60 789 995** |

**Roinn 3: Socruithe Breise**

1. **<u>Socruithe chun faireachán a dhéanamh ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta agus chun é a chur chun feidhme</u>**

Déanfar faireachán ar phlean téarnaimh agus athléimneachta Lucsamburg agus cuirfear chun feidhme é i gcomhréir leis na socruithe seo a leanas.

Beidh freagracht fhoriomlán ar an Stiúrthóireacht um Ghnóthaí Eacnamaíocha agus Buiséadacha laistigh den Aireacht Airgeadais as an bplean a chur chun feidhme agus gníomhóidh sí mar roinn bainistíochta agus mar phointe teagmhála aonair don Choimisiún. Beidh an tseirbhís sin freagrach freisin as iarrataí ar íocaíocht agus dearbhuithe bainistíochta a tharraingt suas agus déanfaidh sí comhordú agus faireachán ar chur chun feidhme an phlean. Baileoidh sé freisin na sonraí maidir leis na táscairí arna gcur isteach ag na faighteoirí deiridh, agus déanfaidh sé na fíoruithe bainistíochta.

Beidh an roinn bainistíochta freagrach as comhiomlánú a dhéanamh ar an bhfaisnéis uile a bhaineann leis na táscairí a ndéanfaidh sí seiceáil comhsheasmhachta agus, ar bhonn níos ginearálta, rialú cáilíochta ina leith. Beidh an roinn bainistíochta freagrach freisin as na sonraí faireacháin sin a chur in iúl agus a úsáid, sna coistí comhordúcháin agus sa tuarascáil bhliantúil ar chur chun feidhme araon.

Déanfaidh an roinn bainistíochta seiceálacha (lena n-áirítear seiceálacha ar an láthair) ar ghnéithe riaracháin, airgeadais, teicniúla agus fisiceacha na n-oibríochtaí, ag gach céim de bhainistiú birt a áirítear sa phlean téarnaimh agus athléimneachta. Déanfar seiceálacha den sórt sin nuair a dhéanfar scrúdú ar bhileoga maoiniúcháin, le linn chur chun feidhme na mbeart agus le linn faireachán a dhéanamh orthu, nuair a chuirfear isteach iarratais ar aisíocaíocht deontas le faighteoirí deiridh agus nuair a dhéanfar íocaíochtaí le faighteoirí deiridh.

Ina theannta sin, cuirfear bearta sonracha chun feidhme chun comhlíonadh na rialacha a bhaineann le soláthar poiblí a sheiceáil, chun éilliú a chosc, agus chun leasanna airgeadais an Aontais a chosaint.

Is í an Chigireacht Ghinearálta Airgeadais (IGF) a bheidh ina húdarás iniúchóireachta don phlean téarnaimh agus athléimneachta.

Leanfaidh an t-údarás iniúchóireachta cur chuige iniúchóireachta bunaithe ar na prionsabail seo a leanas: iniúchadh bliantúil ar an gcóras (lena gcumhdaítear an córas atá i bhfeidhm chun garspriocanna agus spriocanna a thuairisciú agus lena gcumhdaítear freisin an córas rialaithe inmheánaigh chun calaois, coinbhleacht leasa, éilliú agus maoiniú dúbailte a chosc, a bhrath agus a cheartú) agus iniúchtaí bliantúla ar oibríochtaí (bunaithe ar shampla leordhóthanach).

Baileofar na sonraí a bhaineann le faighteoirí deiridh a luaithe a théann siad isteach san oibríocht, rud a dhéantar trí shonraí a iontráil go díreach ag an roinn bainistíochta nó trí shonraí a allmhairiú trí chomhad Excel allmhairiúcháin. Déanfar na sonraí a bhaileofar ar an mbealach sin a iontráil go díreach sa chóras faisnéise nó a allmhairiú trí chomhaid.

## 2. Socruithe chun rochtain iomlán ar na bunsonraí a sholáthar don Choimisiún

Tá an Stiúrthóireacht um Ghnóthaí Eacnamaíocha agus Buiséadacha laistigh den Aireacht Airgeadais, mar an comhlacht lárnach comhordúcháin do phlean téarnaimh agus athléimneachta Lucsamburg agus dá chur chun feidhme, freagrach as comhordú agus faireachán foriomlán a dhéanamh ar an bplean. Go háirithe, feidhmíonn sé mar chomhlacht comhordaithe chun faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn maidir le garspriocanna agus spriocanna, chun faireachán a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí rialaithe agus, i gcás inarb iomchuí, chun iad a chur chun feidhme agus mar phointe teagmhála aonair don Choimisiún. Beidh an tseirbhís sin freagrach freisin as na hiarrataí ar íocaíocht agus na dearbhuithe bainistíochta a tharraingt suas. Comhordóidh sé tuairisciú garspriocanna agus spriocanna, táscairí ábhartha, ach freisin faisnéis airgeadais cháilíochtúil agus sonraí eile, amhail na sonraí maidir leis na táscairí arna gcur isteach ag na faighteoirí deiridh trí chóras tiomnaithe TF, agus déanfaidh sé na fíoruithe bainistíochta. Is í an Chigireacht Ghinearálta Airgeadais (IGF) a bheidh ina húdarás iniúchóireachta don phlean téarnaimh agus athléimneachta.

I gcomhréir le hAirteagal 24(2) de Rialachán (AE) 2021/241, nuair a bheidh na garspriocanna agus na spriocanna ábhartha comhaontaithe i Roinn 2.1 den Iarscríbhinn seo curtha i gcrích, cuirfidh Lucsamburg iarraidh chuí-réasúnaithe ar íocaíocht na ranníocaíochta airgeadais faoi bhráid an Choimisiúin. Áiritheoidh Lucsamburg, arna iarraidh sin, go mbeidh rochtain iomlán ag an gCoimisiún ar na bunsonraí ábhartha a thacaíonn leis an údar cuí atá leis an iarraidh ar íocaíocht, chun measúnú a dhéanamh ar an iarraidh ar íocaíocht i gcomhréir le hAirteagal 24(3) de Rialachán (AE) 2021/241 agus chun críoch iniúchóireachta agus rialaithe araon.